S3 Cothrom\u00fa m\u00edcheart n\u00f3 cothrom\u00fa f\u00e1gtha ar l\u00e1r, gach uair

Iarrachta\u00ed (4 mharc)

A1 Iarracht chun ionad\u00fa a dh\u00e9anamh isteach san fhoirmle

A2 Foirmle mh\u00edcheart don ionad\u00fa

A3 Iarracht chun facht\u00f3ir\u00ed a fh\u00e1il e.g. $(x \quad)(x \quad)$

A4 An athr\u00f3g le feice\u00e1il sa fhreagra

A5 Sainaithn\u00edtear a n\u00f3 b n\u00f3 c

Gan fi\u00fantas (0 marc)

W1 Laghda\u00edtear an chothrom\u00f3id chearnach go cothrom\u00f3id l\u00edneach

Cuid (c)

20 (10, 5, 5) marc

Iarr (4, 2, 2)

(c) Chosain béile do dhuine fásta €8 níos mó ná béile do pháiste i mbialann.

Bíodh x mar phraghas béile do pháiste.

(i) Scríobh slonn in x i gcomhair an phraghais ar bhéile do dhuine fásta.

Is é an costas iomlán a bhí ar bhéile do 5 daoine fásta agus 4 páistí ná €103.

(ii) Scríobh an t-eolas sin mar chothromóid in x .

(iii) Réitigh an chothromóid sin chun an praghas ar bhéile do pháiste a fháil.



(c) (i)

10 marc

Iarr 4

Cosnaíonn béile do dhuine fásta $x + 8$

Botúin (-3)

B1 $x - 8$ nó $8 - x$

B2 $8x$

Iarrachtaí (4 mharc)

A1 Tugtar luach uimhriúil do x agus úsáidtear an luach sin ansin chun luach uimhriúil a fháil do phraghais ar bhéile do dhuine fásta

A2 Baintear úsáid áirithe as na sonraí a thugtar e.g. $\frac{x}{8}$, $\frac{8}{x}$

Gan fiúntas (0 marc)

W1 Ní bhaintear aon úsáid as x ná 8

W2 $x = 8$ agus stopann sé/sí

(c) (ii)

5 mharc

Iarr 2

$5(x + 8) + 4x = 103$

* Glac le freagra an iarrthóra as cuid (i)

Botúin (-3)

B1 Gach praghas fágtha ar lár

B2 Gan ach $9x + 40$ a bheith ann

Iarrachtaí (2 mharc)

A1 Cothromóid bhréagach in x

$$5(x+8) + 4x = 103 \Rightarrow 5x + 40 + 4x = 103 \Rightarrow 9x = 63 \Rightarrow x = 7$$

- * Glac le freagra an iarrthóra as codanna (i) agus (ii)
- * $5x + 40 + 4x$ nó $5x + 40 + 4x = 103$ mar gur féidir le hobair thosaigh marcanna a thuilleamh do chodanna (i) agus (ii)

Botúin (-3)

- B1 Foirmítear an chothromóid go mícheart
- B2 Botúin i dtaca le grúpáil téarmaí e.g. $9x + 40 = 49x$ (gach uair)
- B3 Earráid(i) sa trasuíomh (uair amháin)
- B4 $9x = 63 \Rightarrow x \neq 7$
- B5 Gach céim fágtha ar lár
- B6 Freagra ceart gan aon obair

Sciorthaí (-1)

- S1 Sciorthaí uimhriúla suas go huasmhéid 3

Iarrachtaí (2 mharc)

- A1 Roinnt oibre cirte
- A2 Iarracht ar thriail agus earráid trí ionadú


Gan fiúntas (0 marc)

- W1 Freagra mícheart gan aon obair

CEIST 6

Cuid (i)	15 mharc	Iarr 6
Cuid (ii)	10 marc	Iarr 4
Cuid (iii)	10 marc	Iarr 4
Cuid (iv)	10 marc	Iarr 4
Cuid (v)	5 mharc	Iarr 2

Léiríonn an bharrachairt an líon nuachtán a díoladh ó Dé Luain go dtí Dé Sathairn i siopa. Mar shampla, díoladh 25 nuachtán ar an Déardaoin.



(i) **15 mharc** **Iarr 6**

Cén lá ar díoladh an líon is lú nuachtán?

(i) **15 mharc** **Iarr 6**

An Chéadaoin

Botúin (-3)

B1 Tugtar an Satharn, arbh é an lá ba mhó díolachán é, mar an lá ba lú díolachán

Gan fiúntas (0 marc)

W1 Freagra mícheart gan aon obair, seachas an méid sin atá sa scéim

(ii) **10 marc** **Iarr 4**

Cén dá lá ar díoladh an líon céanna nuachtán?

(ii) **10 marc** **Iarr 4**

An Mháirt agus an Aoine

Botúin (-3)

B1 Gan ach ceann amháin de na laethanta cearta a thabhairt

Gan fiúntas (0 marc)

W1 Freagra mícheart gan aon obair

(iii)

10 marc

Iarr 4

Cén difríocht a bhí idir an líon nuachtán a díoladh Dé Sathairn agus an líon a díoladh Dé Luain?

(iii)

10 marc

Iarr 4

$$45 - 20 = 25$$

* Glac le freagra ceart gan aon obair

Botúin (-3)

B1 Gach méid mícheart

B2 $45 + 20 = 65$

Sciorrthaí (-1)

S1 Sciorrthaí uimhriúla suas go huasmhéid 3

Iarrachtaí (4 mharc)

A1 Luach(anna) gan aon obair eile

Gan fiúntas (0 marc)

W1 Freagra mícheart gan aon obair, seachas an méid sin atá sa scéim

(iv)

10 marc

Iarr 4

Cad é an meánlíon nuachtán a díoladh in aghaidh an lae ar feadh na 6 lá ó Dé Luain go dtí Dé Sathairn?

(iv)

10 marc

Iarr 4

$$\frac{20 + 40 + 10 + 25 + 40 + 45}{6} = \frac{180}{6} = 30$$

* Glac le freagra ceart gan aon obair

Botúin (-3)

B1 Stopann ag $\frac{180}{6}$

B2 Is é 40 an mód a thugtar mar mheán

Sciorrthaí (-1)

S1 Gach méid a fhágtar ar lár, nó méid mícheart, ar choinníoll go bhfuil ceann amháin acu ceart

S2 Úsáidtear roinnteoir seachas 6.

S3 Sciorrthaí uimhriúla suas go huasmhéid 3

Iarrachtaí (4 mharc)

A1 Stopann ag 180 nó freagra an iarrthóra

Gan fiúntas (0 marc)

W1 Freagra mícheart gan aon obair, seachas an méid sin atá sa scéim

(v)

5 mharc

Iarr 2

Más 35 nuachtán an meánlíon a díoladh in aghaidh an lae ar feadh na 7 lá (Dé Domhnaigh san áireamh) an tseachtain sin, cé mhéad nuachtán a díoladh De Domhnaigh?

(v)

5 mharc

Iarr 2

Díoladh $35 \times 7 = 245$ an tseachtain sin
Díoladh Dé Domhnaigh = $245 - 180 = 65$

- * Glac le freagra ceart gan aon obair
- * Glac le hobair an iarrthóra as cuid (iv)

Botúin (-3)

- B1 Déantar roinnt in ionad iolrú a dhéanamh e.g. $35 \div 7 = 5$
B2 Scríobhtar $245 - 180$ agus stopann sé/sí
B3 Scríobhtar $245 + 180 = 425$

Sciorthaí (-1)

- S1 Sciorthaí uimhriúla suas go huasmhéid 3

Iarrachtaí (2 mharc)

- A1 Roinnt oibre cirte
A2 Baintear roinnt úsáide as 180
A3 35×7 agus stopann sé/sí

Gan fiúntas (0 marc)

- W1 Freagra mícheart gan aon obair, seachas an méid sin atá sa scéim

CEIST 7

Graf	30 (20, 10) marc	Iarr (8, 4)
Luachanna	20 (5, 5, 5, 5) marc	Iarr (2, 2, 2, 2)

Luacháil	20 marc	Iarr 8
Graf	10 marc	Iarr 4

Tarraing graf na feidhme
 $f : x \rightarrow 2x^2 - 6x - 7$, le haghaidh $-1 \leq x \leq 4$, $x \in \mathbb{R}$.

Modh an tábla	20 marc					Iarr 8
x	-1	0	1	2	3	4
$2x^2$	2	0	2	8	18	32
$-6x$	6	0	-6	-12	-18	-24
-7	-7	-7	-7	-7	-7	-7
$f(x)$	1	-7	-11	-11	-7	1

* Glac le luachanna cearta $f(x)$ gan aon obair

Botúin (-3)

- B1 Déantar luachanna x a shuimiú le linn luachanna $f(x)$ a ríomh
- B2 Earráidí leanúnacha thar líne iomlán, thairis sin tá feidhm ag sciorthaí
- B3 Ní dhéantar luacháil ar $f(x)$ le haghaidh luach x san fhearann nó fhágtar luach éigin x ar lár

Sciorthaí (-1)

- S1 Gach luach mícheart nó gach luach a fhágtar ar lár i gcorp an tábla
- S2 Gach luach $y/f(x)$ mícheart nó gach luach $y/f(x)$ a fhágtar ar lár as obair an iarrthóra

Miléamh (-1)

- M1 Déileáiltear le -7 mar a bheadh 7 ann trasna na líne

Iarrachtaí (8 mharc)

- A1 Aon cheithre luach sa tábla
- A2 Déileáiltear leis an bhfeidhm mar fheidhm líneach e.g. $x^2 = 2x$ nó x nó $2x^2 = 4x$ nó x

$$f(x) = 2x^2 - 6x - 7$$

$$f(-1) = 2(-1)^2 - 6(-1) - 7 = 1$$

$$f(0) = 2(0)^2 - 6(0) - 7 = -7$$

$$f(1) = 2(1)^2 - 6(1) - 7 = -11$$

$$f(2) = 2(2)^2 - 6(2) - 7 = -11$$

$$f(3) = 2(3)^2 - 6(3) - 7 = -7$$

$$f(4) = 2(4)^2 - 6(4) - 7 = 1$$

Botúin (-3)

B1 Earráidí leanúnacha i luacháil $2x^2$

B2 Fághtar -7 ar lár ón luacháil

B3 Gach luach $f(x)$ mícheart nuair nach dtaispeántar aon obair, suas go huasmhéid 3 ar choinníoll go bhfuil luach $f(x)$ amháin ar a laghad ceart

Gach luach $f(x)$ mícheart gan aon obair $\rightarrow 0$ marc. Thairis sin, cuirtear sciorthaí i bhfeidhm nuair a thaispeántar obair


Sciorthaí (-1)

S1 Gach luach mícheart nó gach luach a fhághtar ar lár as an luacháil tar éis ionadú a dhéanamh

S2 Gach luach $f(x)$ mícheart nó gach luach $f(x)$ a fhághtar ar lár, arna ríomh ó obair an iarrthóra

Miléamh (-1)

M1 Sa luacháil, déileáiltear go leanúnach le -7 mar a bheadh 7 ann



* Glac le luachanna ó obair an iarrthóra

* Tarraingítear graf atá ceart go hiomlán gan aon obair ar taispeáint: tabhair 30 marc

Botúin (-3)

B1 Botúin sna scálaí ar ais nó ar aiseanna (uair amháin)

Sciorthaí (-1)

S1 Déantar gach pointe as an tábla a bhreacadh go mícheart

S2 Ní cheanglaítear le chéile gach péire de phointí comhleanúnacha, suas go huasmhéid 3

S3 Gan cuar réidh a bheith ann

S4 Níl graf na feidhme sa ghnáth-ionad ná sa ghnáth-threoshuíomh.

Iarrachtaí (4 mharc)

A1 Breactar dhá cheann ar a laghad de phointí an iarrthóra

A2 Aon ghraf U-chruthach

A3 Tarraingítear na haiseanna

Bain feidhm as do ghraf chun meastachán a fháil orthu seo:

- (i) Íosluach $f(x)$
- (ii) fréamhacha $f(x) = 0$
- (iii) na luachanna ar x ar fíor ina leith $f(x) = -9$
- (iv) an raon luachanna ar x ar fíor ina leith go bhfuil $f(x)$ ag laghdú.

(i)	5 mharc	Iarr 2
(ii)	5 mharc	Iarr 2
(iii)	5 mharc	Iarr 2
(iv)	5 mharc	Iarr 2

- (i) -11.3
- (ii) $x = -0.9, x = 3.9$
- (iii) $x = 0.4, x = 2.6$
- (iv) $-1 \leq x < 1.5$

* Glac le luachanna an iarrthóra ón ngraf

* Ceadaiht lamháiltas ± 0.3 aonad ar an x -ais, ± 0.5 ar an y -ais

Botúin (-3)

B1 Fágtar luach ar lár nó cuirtear luach breise i bhfeidhm i gcodanna (i) agus (ii)

B2 Déileáiltear le $f(x) = -9$ mar a bheadh $f(-9)$ ann

Sciorthaí (-1)

S1 Taispeántar freagraí i gceart ar an ais ach ní shonraítear iad

S2 Taispeántar an chuid laghdaitheach den ghraf ach ní scríobhtar síos aon luach x

Miléamh (-1)

M1 Tugtar luach x a chomhfhreagraíonn d'íosmhéid $f(x)$ i gcuid (i)

Iarrachtaí (2 mharc)

A1 Iarracht chun luach(anna) a léamh ón ngraf

A2 Réitítear an chothromóid i gceart go hailgéabhrach; cuid (ii)



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

AN ARDTEISTIMÉIREACHT, 2010

**AISTRIÚCHÁN
AR SCÉIM MHARCÁLA**

MATAMAITIC - PÁIPÉAR 2

BONNLEIBHÉAL

TREOIRLÍNTE GINEARÁLTA DO SCRÚDAITHEOIRÍ – PÁIPÉAR 2

1. Cuirtear trí chineál pionóis i bhfeidhm ar obair iarrthóirí mar a leanas:
 - Botúin - earráidí matamaiticiúla/ábhar fágtha ar lár (-3)
 - Sciorthaí - earráidí uimhriúla (-1)
 - Míléamh (ar choinníoll nach ndéantar róshimpliú ar an tasc) (-1).


Na hearráidí a tharlaíonn go minic agus nach mór na pionóis seo a chur i bhfeidhm orthu, tá siad liostaithe sa scéim. Seo a leanas na lipéid atá orthu: B1, B2, B3,..., S1, S2,..., M1, M2,... etc. Ní liostaí iomlána iad seo.

2. Le linn marcanna a thabhairt i leith iarrachtaí e.g. Iarr 3, tabhair an méid seo a leanas do d'aire:
 - aon chéim *cheart, ábhartha* i gcuid de cheist, tuilleann an chéim sin, *ar a laghad*, an marc i leith na hiarrachta atá ag gabháil leis an gcuid sin
 - más rud é go bhfágann asbhaintí go bhfuil marc áirithe níos ísle ná an marc i leith iarrachta, ansin ní mór an marc i leith iarrachta a thabhairt
 - ní thugtar marc idir nialas agus an marc i leith iarrachta riamh.
3. Tugtar nialas d'obair gan fiúntas. Tá roinnt samplaí d'obair den sórt sin liostaithe sa scéim agus na lipéid W1, W2, .. etc. orthu.
4. Ciallaíonn an frása “aimsiú nó iomrall” nach dtugtar marcanna páirteacha – faigheann an t-iarrthóir na marcanna ábhartha go léir nó ní fhaigheann sé/sí marcanna ar bith
5. Ciallaíonn an frása “agus stopann sé/sí” nach léiríonn an t-iarrthóir aon obair eile.
6. Is ionann réiltín agus a rá go bhfuil nótaí speisialta ann a bhaineann le marcáil cuid áirithe de cheist. Tá na nótaí sin le fáil díreach i ndiaidh an bhosca ina bhfuil an réiteach ábhartha.
7. Níl sé i gceist gur liostaí iomlána atá sna réitigh shamplacha ar gach ceist ar leith – d'fhéadfadh sé tarlú go bhfuil réitigh chearta eile ann.
8. Mura rud é go léirítear a mhalairt sa scéim, glac leis an gceann is fearr de dhá iarracht nó níos mó – fiú amháin i gcás iarrachtaí a cealaíodh.
9. Ní ghearrtar pionós ar an earráid *chéanna* sa chuid *chéanna* de cheist ach *aon uair amháin*.
10. Marcanna i leith iarrachta ar a mhéad is ceart a thabhairt do chásanna áirithe, d'fhíoruithe agus do fhreagraí a thig ó léaráidí (mura rud é go n-iarrtar amhlaidh).
11. Tugtar an marc i leith iarrachta, ar a mhéad, i gcás botún, ábhar ar lár nó míléamh a bheadh tromchúiseach.
12. Ná gearr pionós as camóg a úsáid in ionad pointe dheachúláigh e.g. is féidir €5,50 a scríobh in ionad €5.50.

CEIST 1

Cuid (a)	15 (10, 5) marc	Iarr (4, 2)
Cuid (b)	35 (30, 5) marc	Iarr (12, 2)

Cuid (a) **15 (10, 5) marc** **Iarr (4, 2)**

- (a) Tá páirc dhronuilleogach 150 m ar fad agus 90 m ar leithead. 150 m
- Faigh
- (i) achar na páirce
- (ii) an fad atá in imlíne na páirce.
- 
- 90 m

(a) (i) **10 marc** **Iarr 4**
(a) (ii) **5 mharc** **Iarr 2**

- (i) $Achar = ab = 150 \times 90 = 13\,500 \text{ m}^2$
(ii) $Fad = 2(a + b) = 2(150 + 90) = 480 \text{ m}$

Botúin (-3)

B1 Ionadú mícheart

Sciorthaí (-1)


S1 Earráidí uimhriúla suas go huasmhéid 3

Iarrachtaí (4, 2 mharc)

A1 Sainítear an t-achar

A2 Sainítear an imlíne

(b) Taispeánann an léaráid taobh amháin de shean-chlaí i ngairdín.



Déantar an claí a thomhas mar 1.7, 1.3, 1.6, 2.5, 2.4, 2.2, agus 2.3 méadar ag eatrainmh 1.8 méadar feadh bhonn an chlaí mar a thaispeántar.

(i) Bain úsáid as Riail Simpson chun achar taobh an chlaí a ríomh ina m^2 .

(ii) Déanann an t-úinéir an taobh seo den chlaí a phéinteáil. Clúdaíonn canna péinte amháin 5.4 méadar cearnach. Cé mhéad canna péinte a úsáideann sé?



(b) (i)
(ii)

30 marc
5 mharc

Iarr 12
Iarr 2

- (i) $Achar = \frac{h}{3} (\text{An chéad cheann} + \text{An ceann deireanach} + \text{T.O.F.E})$
 $= \frac{1.8}{3} (1.7 + 2.3 + 2(1.6 + 2.4) + 4(1.3 + 2.5 + 2.2)) = 0.6(4 + 8 + 24) = 21.6 m^2$.
- (ii) An líon cannaí $= \frac{21.6}{5.4} = 4$ canna.

Botúin (-3)

B1 Úsáidtear ceithre chorruimhir agus réidhuimhreacha faoi dhó,
 $4(1.6 + 2.4) + 2(1.3 + 2.5 + 2.2)$

B2 Fágtagar 2 nó 4, nó iad araon, ar lár san fhoirmle

B3 Fágtagar h ar lár nó úsáidtear h mícheart nó ní dhéantar h a roinnt ar 3

B4 Déantar iolrú faoi 5.4

Sciorthaí (-1)

S1 Earráidí uimhriúla suas go huasmhéid 3

S2 Gach airde mhícheart nó gach airde a fhágtagar ar lár

Iarrachtaí (12, 2 mharc)

A1 Ní thugtar ach riail Simpson


A2 Cóipeáiltear an léaráid

CEIST 2

Cuid (a)	10 marc	Iarr 4
Cuid (b)	20 (10, 10) marc	Iarr (4, 4)
Cuid (c)	20 (15, 5) marc	Iarr (6, 2)

Cuid (a)	10 marc	Iarr 4
-----------------	----------------	---------------

- (a) Taispeánann an léaráid bloc dronuilleogach atá 70 cm ar fad, 30 cm ar leithead agus 8 cm ar airde. Ríomh an toirt atá sa bhloc dronuilleogach.



(a)	10 marc	Iarr 4
------------	----------------	---------------

$$\text{Toirt} = abc = 70 \times 30 \times 8 = 16\,800 \text{ cm}^3$$

Botúin (-3)

- B1 Ionadú mícheart
B2 Suimiú in ionad iolrú

Sciorthaí (-1)

- S1 Earráidí uimhriúla suas go huasmhéid 3


Iarrachtaí (4 mharc)

- A1 Foirmle cheart gan aon ionadú

Cuid (b)	20 (10, 10) marc	Iarr (4, 4)
-----------------	-------------------------	--------------------

- (b) Taispeántar sa léaráid ciorcal atá inscríofa i gcearnóg. Is é 8 cm ga an chiorcail.

- (i) Faigh achar an chiorcail.
Bíodh do fhreagra ceart go dtí an cm^2 is gaire.
- (ii) Faigh achar na cearnóige.



(b) (i)	10 marc	Iarr 4
(ii)	10 marc	Iarr 4

(i) $\text{Achar} = \pi r^2 = \pi \times 8^2 = 201.06 \approx 201 \text{ cm}^2$

(ii) $\text{Achar} = a^2 = 16^2 = 256 \text{ cm}^2$

Botúin (-3)

- B1 Ionadú mícheart

Sciorthaí (-1)

- S1 Earráidí uimhriúla suas go huasmhéid 3
S2 Earráid maidir le cothromú nó tugtar an freagra i dtéarmaí π

Iarrachtaí (4, 4 mharc)

- A1 Sainítear an t-achar


- (c) Déantar umar, atá i bhfoirm cóin atá bunoscionn, a líonadh le huisce.

Is é 9 cm trastomhas an chóin agus is é 12 cm an airde.

- (i) Faigh, i dtéarmaí π , toirt an uisce san umar.

Ansin déantar an t-uisce a dhoirteadh isteach i gcanna sorcóireach arb é 6 cm a thrastomhas.

- (ii) Faigh h , doimhneacht an uisce sa channa.



(c) (i)
(ii)

15 mharc
5 mharc

Iarr 6
Iarr 2

- (i) $Toirt = \frac{1}{3}\pi r^2 h = \frac{1}{3} \times \pi \times 4.5^2 \times 12 = 81\pi \text{ cm}^3$
(ii) $Toirt = \pi r^2 h = 81\pi \Rightarrow \pi \times 3^2 \times h = 81\pi \Rightarrow h = 9 \text{ cm}$

Botúin (-3)

- B1 Ionadú mícheart
B2 Earráid maidir leis an gcothromóid a chothromú

Sciorthaí (-1)

- S1 Earráidí uimhriúla suas go huasmhéid 3
S2 Fágtagar π ar lár nó tugtagar an freagra mar 254.469 nó 254.34 nó a leithéid

Iarrachtaí (6, 2 mharc)


- A1 Foirmle cheart gan aon ionadú

CEIST 3

Cuid (a)	10 (5, 5) marc	Iarr (2, 2)
Cuid (b)	20 (5, 5, 5, 5) marc	Iarr (2, 2, 2, 2)
Cuid (c)	20 (10, 5, 5) marc	Iarr (4, 2, 2)

Cuid (a) **10 (5, 5) marc** **Iarr (2, 2)**

(a) Faigh luach x agus luach y .



(a) (i) **5 mharc** **Iarr 2**
(a) (ii) **5 mharc** **Iarr 2**

$$x + 46 + 80 = 180 \Rightarrow x = 54$$

$$y + 80 = 180 \Rightarrow y = 100$$

Botúin (-3)

B1 Earráid gheoiméadrach

Sciorthaí (-1)

S1 Earráidí uimhriúla suas go huasmhéid 3

Iarrachtaí (2, 2 mharc)

A1 Freagra mícheart lena ngabhann fiúntas áirithe


Cuid (b)

20 (5, 5, 5, 5) marc

Iarr (2, 2, 2, 2)

(b) Taispeántar comhthreomharán sa léaráid.

- (i) Faigh luach p .
- (ii) Faigh luach q .
- (iii) Faigh luach r .
- (iv) Faigh luach s .



(b)

20 (5, 5, 5, 5) marc

Iarr (2, 2, 2, 2)

- (i) $p + 70 = 180 \Rightarrow p = 110$
- (ii) $q = p = 110$
- (iii) $r = 38$
- (iv) $s + 38 = 70 \Rightarrow s = 32$

Botúin (-3)

B1 Earráid gheoiméadrach

Sciorthaí (-1)

S1 Earráidí uimhriúla suas go huasmhéid 3

Iarrachtaí (2, 2, 2, 2 mharc)

A1 Freagra mícheart lena ngabhann fiúntas áirithe

Cuid (c)


20 (10, 5, 5) marc

Iarr (4, 2, 2)

(c) Taispeántar sa léaráid ciorcal a bhfuil a lárphointe ag O .
Is ceann de thrastomhais an chiorcail é $[AB]$.

Tá $|\angle AOC| = 104^\circ$ and $|OC| = 6$ cm.

- (i) Faigh $|\angle OBC|$.
- (ii) Faigh $|\angle CAO|$.
- (iii) Faigh $|AB|$.



(c)

20 (10, 5, 5) marc

Iarr (4, 2, 2)

- (i) $|\angle OBC| + |\angle BCO| = 2|\angle OBC| = 104^\circ \Rightarrow |\angle OBC| = 52^\circ$
- (ii) $|\angle CAO| = 90^\circ - 52^\circ = 38^\circ$
- (iii) $|AB| = 2 \times 6 = 12$ cm.

Botúin (-3)

B1 Earráid gheoiméadrach

Sciorthaí (-1)

S1 Earráidí uimhriúla suas go huasmhéid 3

Iarrachtaí (4, 2, 2 mharc)

A1 Freagra mícheart lena ngabhann fiúntas áirithe


CEIST 4

Cuid (a)	15 mharc	Iarr 6
Cuid (b)	20 (10, 5, 5) marc	Iarr (4, 2, 2)
Cuid (c)	15 (5, 5, 5) marc	Iarr (2, 2, 2)

Cuid (a) 15 mharc Iarr 6

- (a) Breac na pointí $A(4, 1)$ agus $B(-2, 3)$ ar ghrafpháipéar.
Taispeáin lárphointe $[AB]$ ar an léaráid.

(a) 15 mharc Iarr 6



Botúin (-3)

- B1 Earráid sna scálaí
- B2 Fághtar gach pointe ar lár
- B3 Lárphointe mícheart nó ní thaispeántar aon lárphointe

Sciorthaí (-1)

- S1 Gach pointe a bhreactar go mícheart

Iarrachtaí (6 mharc)

- A1 Tarraingítear aiseanna

Cuid (b)

20 (10, 5, 5) marc

Iarr (4, 2, 2)

(b) Is dhá phointe iad $P(2, 4)$ agus $Q(-3, 1)$.

(i) Faigh fad $[PQ]$.

(ii) Faigh fána PQ .

(iii) Faigh cothromóid na líne PQ .

(b) (i)

10 marc

Iarr 4

(ii)

5 mharc

Iarr 2

(iii)

5 mharc

Iarr 2

(i) Fad = $\sqrt{(-3-2)^2 + (1-4)^2} = \sqrt{(-5)^2 + (-3)^2} = \sqrt{25+9} = \sqrt{34}$

(ii) Fána = $\frac{1-4}{-3-2} = \frac{-3}{-5}$ nó $\frac{3}{5}$

(iii) Cothromóid: $y-4 = \frac{3}{5}(x-2)$ nó $3x-5y+14=0$

Botúin (-3)

B1 Níl aon fhréamh chearnach ann

B2 Ionadú mícheart aon uair amháin

B3 Earráid mhatamaiticiúil

Sciorthaí (-1)

S1 Earráidí uimhriúla suas go huasmhéid 3

Iarrachtaí (4, 2, 2 mharc)

A1 Tarraingítear aiseanna

- (c) Is é $2y = 3x + 1$ cothromóid na líne l .
 Is iad $(1, 2)$ comhordanáidí an phointe R .
- (i) Taispeáin go luíonn an pointe R ar an líne l .
 (ii) Scríobh síos fána l .
 (iii) Faigh cothromóid na líne k , a ghabhann tríd an bpointe $(4, -1)$ agus atá comhthreomhar le l .

(c) (i)	5 mharc	Iarr 2
(ii)	5 mharc	Iarr 2
(iii)	5 mharc	Iarr 2

(i) $2y = 3x + 1 \Rightarrow 2(2) = 3(1) + 1 \Rightarrow 4 = 4.$

(ii) $2y = 3x + 1 \Rightarrow \text{fána} = \frac{3}{2}$

(iii) $y + 1 = \frac{3}{2}(x - 4)$ nó $3x - 2y - 14 = 0$

Botúin (-3)

- B1 Ionadú mícheart aon uair amháin
 B2 Fána l mícheart
 B3 Fána k mícheart
 B4 Earráid maidir leis an gcothromóid a chothromú

Sciorthaí (-1)

- S1 Earráidí uimhriúla suas go huasmhéid 3

Iarrachtaí (2, 2, 2 mharc)

- A1 Tarraingítear aiseanna


CEIST 5

Cuid (a)	20 (10, 10) marc	Iarr (4, 4)
Cuid (b)	10 marc	Iarr 4
Cuid (c)	20 (10, 10) marc	Iarr (4, 4)

Cuid (a) **20 (10, 10) marc** **Iarr (4, 4)**

- (a) Taispeánann an léaráid triantán dronuilleach.
Tá a chuid sleasa 3, 4 agus 5 cm ar fad agus
tá uillinneacha ann darb ainm A agus B .
Scríobh iad seo mar chodán:

- (i) $\tan A$
(ii) $\cos B$.



(a) (i) **10 marc** **Iarr 4**
(a) (ii) **10 marc** **Iarr 4**

- (i) $\tan A = \frac{4}{3}$
(ii) $\cos B = \frac{4}{5}$

Botúin (-3)

- B1 Úsáidtear uimhreoir nó ainmneoir mícheart gach uair
B2 Inbhéartú an chodáin

Sciorthaí (-1)

- S1 Ríomhtar an uillinn go garbh $A = 53^\circ$ nó $B = 37^\circ$
S2 Níl an freagra i bhfoirm chodáin

Iarrachtaí (4, 4 mharc)

- A1 Sainítear \tan nó \cos agus stopann sé/sí

Cuid (b)


10 marc

Iarr 4

- (b) Tá dréimire ina sheasamh i gcoinne barr balla.
Déanann an dréimire uillinn 71° leis an talamh.
Tá bun an dréimire 2 m ó bhonn an bhalla.

Faigh h , airde an bhalla.

Bíodh do fhreagra ceart go dtí ionad deachúlach amháin.



Cuid (b)

10 marc

Iarr 4

$$\tan 71 = \frac{h}{2} \Rightarrow h = 2 \times \tan 71 = 5.808 \approx 5.8 \text{ m}$$

Botúin (-3)

- B1 Cóimheas triantánachta mícheart
B2 Earráid maidir leis an gcothromóid a chothromú

Mód mícheart

Ga: $h = -6.155 \approx -6.2$

Grádán: $h = 4.08 \approx 4.1$

Sciorthaí (-1)

- S1 Earráidí uimhriúla suas go huasmhéid 3
S2 Ní dhéantar cothromú
S3 Mód mícheart

Iarrachtaí (4 mharc)


- A1 Déantar tomhas ón léaráid
A2 Déantar luacháil ar $\sin 71^\circ$, $\cos 71^\circ$ nó $\tan 71^\circ$ agus stopann sé/sí

Cuid (c)

20 (10, 10) marc

Iarr (4, 4)

- (c) (i) Faigh fad an tsleasa d sa léaráid.
- (ii) Faigh tomhas na huillinne A .
Bíodh do fhreagra ceart go dtí an chéim is gaire.



(c) (i)

10 marc

Iarr 4

(c) (ii)

10 marc

Iarr 4

(i) $6^2 + d^2 = 10^2 \Rightarrow 36 + d^2 = 100 \Rightarrow d^2 = 64 \Rightarrow d = 8$

(ii) $\sin A = \frac{6}{10} = 0.6 \Rightarrow A = 36.8^\circ \approx 37^\circ$

Botúin (-3)

- B1 Aon earráid in Pythagoras
B2 Cóimheas triantánachta mícheart
B3 Earráid maidir leis an gcothromóid a chothromú

Mód mícheart

Ga: $x = 0.64 \approx 1$

Grádán: $x = 40.9 \approx 41$

Sciorthaí (-1)

- S1 Ní dhéantar cothromú
S2 Mód mícheart

Iarrachtaí (4, 4 mharc)

- A1 Déantar tomhas ón léaráid

CEIST 6

Cuid (a)	10 marc	Iarr 4
Cuid (b)	20 (5, 5, 5, 5) marc	Iarr (2, 2, 2, 2)
Cuid (c)	20 (5, 5, 5, 5) marc	Iarr (2, 2, 2, 2)

Cuid (a) **10 marc** **Iarr 4**

(a) Tá sé ar intinn ag Laoiseach barr, sciorta agus seaicéad a chaitheamh mar fheisteas ar dhioscó scoile. Tá rogha as 3 bharr, 4 sciorta agus 2 sheaicéad aici. Cé mhéad feisteas éagsúil a d'fhéadfadh sí a chaitheamh?

Cuid (a) **10 marc** **Iarr 4**

$$3 \times 4 \times 2 = 24$$

Botúin (-3)

B1 Scríobhtar síos $3 + 4 + 2 = 9$ nó 9

B2 3! etc

Sciorthaí (-1)

S1 Earráidí uimhriúla suas go huasmhéid 3

Iarrachtaí (4 mharc)

A1 Freagra mícheart lena ngabhann fiúntas áirithe

Cuid (b) **20 (5, 5, 5, 5) marc** **Iarr (2, 2, 2, 2)**

(b) Is iad seo a leanas grúpaí fola 95 duine a thugann fuil go deonach ag clínic:

18 duine atá sa ghrúpa A,

27 duine atá sa ghrúpa B,

50 duine atá sa ghrúpa O.

Déantar duine a roghnú go fánach as na deontóirí. Cad é an dóchúlacht

(i) gur sa ghrúpa A atá an duine sin

(ii) gur sa ghrúpa B atá an duine sin

(iii) gur sa ghrúpa A nó sa ghrúpa O atá an duine sin

(iv) nach sa ghrúpa O atá an duine sin?

(b) **20 (5, 5, 5, 5) marc** **Iarr (2, 2, 2, 2)**

(i) $\frac{18}{95}$

(ii) $\frac{27}{95}$

(iii) $\frac{68}{95}$

(iv) $\frac{45}{95}$

Botúin (-3)

B1 n(S) mícheart, le cur i bhfeidhm ach uair amháin

B2 n(E) mícheart

B3 Codán inbhéartaithe

B4 Níl aon roinnt ann

Sciorthaí (-1)

S1 Earráidí uimhriúla suas go huasmhéid 3

Iarrachtaí (2, 2, 2, 2 mharc)

A1 Freagra mícheart lena ngabhann fiúntas áirithe

Freagra:(i) 18 (ii) 27 (iii) 68 (iv) 45,
tuilltear 17 marc

or

Freagra:(i) $\frac{1}{18}$ (ii) $\frac{1}{27}$ (iii) $\frac{1}{68}$ (iv) $\frac{1}{45}$,
tuilltear 17 marc

Cuid (c)

20 (5, 5, 5, 5) marc

Iarr (2, 2, 2, 2)

- (c) I rang 80 mac léinn, déanann gach aon mhac léinn staidéar ar theanga amháin. Tugtar an t-eolas sa tábla thíos.

	Fraincis	Spáinnis	Gearmáinis
Buachaillí	12	20	5
Cailíní	16	24	3

Roghnaítear mac léinn go fánach. Faigh an dóchúlacht

- (i) gur buachaill é an mac léinn sin
- (ii) go bhfuil an mac léinn sin ag déanamh staidéir ar an bhFraincis
- (iii) gur cailín í atá ag déanamh staidéir ar an Spáinnis an mac léinn sin
- (iv) nach bhfuil an mac léinn sin ag déanamh staidéir ar an nGearmáinis.

(c)

20 (5, 5, 5, 5) marc

Iarr (2, 2, 2, 2)

- (i) $\frac{37}{80}$
- (ii) $\frac{28}{80}$
- (iii) $\frac{24}{80}$
- (iv) $\frac{72}{80}$

Botúin (-3)

- B1 n(S) mícheart,
le cur i bhfeidhm ach uair amháin
- B2 n(E) mícheart
- B3 Codán inbhéartaithe
- B4 Níl aon roinnt ann

Freagra: (i) 37 (ii) 28 (iii) 24 (iv) 72 ,
tuilltear 17 marc
or

Freagra: (i) $\frac{1}{37}$ (ii) $\frac{1}{28}$ (iii) $\frac{1}{24}$ (iv) $\frac{1}{72}$,
tuilltear 17 marc

Sciorthaí (-1)

- S1 Earráidí uimhriúla suas go huasmhéid 3

Iarrachtaí (2, 2, 2, 2 mharc)

- A1 Freagra mícheart lena ngabhann fiúntas áirithe

CEIST 7

Cuid (a)	10 marc	Iarr 4
Cuid (b)	25 (5, 10, 5, 5) marc	Iarr (2, 4, 2, 2)
Cuid (c)	15 mharc	Iarr 6

Cuid (a) **10 marc** **Iarr 4**

- (a) Is é 6 meán na gcúig uimhir
1, 5, x, 8, 9
- Faigh luach x.

Cuid (a) **10 marc** **Iarr 4**

$$\frac{1 + 5 + x + 8 + 9}{5} = 6 \Rightarrow 23 + x = 30 \Rightarrow x = 7$$

Botúin (-3)

- B1 Earráid maidir leis an gcothromóid a fhoirmiú
 B2 Earráid maidir leis an gcothromóid a chothromú

Sciorthaí (-1)

- S1 Earráidí uimhriúla suas go huasmhéid 3

Iarrachtaí (4 mharc)

- A1 Freagra mícheart lena ngabhann fiúntas áirithe

Cuid (b) **25 (5, 10, 5, 5) marc** **Iarr (2, 4, 2, 2)**

- (b) Fuarthas an t-eolas seo a leanas ó shuirbhé a rinneadh ar an méid ama a chaith 50 déagóir ar an bhfón póca feadh deireadh seachtaine ar leith:

Líon nóiméad	0 – 10	10 – 20	20 – 30	30 – 40	40 – 60
Líon déagóirí	7	8	22	10	3

Le nótáil: Ciallaíonn 10 – 20 go bhfuil 10 nóiméad nó níos mó san áireamh ach nach bhfuil 20 nóiméad san áireamh.

- (i) Déan cóip den tábla minicíochta carnaí agus comhlánaigh é:

Líon nóiméad	< 10	< 20	< 30	< 40	< 60
Líon déagóirí					


- (ii) Tarraing an cuar minicíochta carnaí.
 Bain úsáid as do chuar minicíochta carnaí chun meastachán a dhéanamh orthu seo:
 (iii) an líon airmheánach nóiméad a caitheadh ar an bhfón
 (iv) an líon déagóirí a chaith níos mó ná 35 nóiméad ar an bhfón.



- (b) (i)
- (b) (ii)
- (b) (iii)
- (b) (iv)

5 mharc
10 marc
5 mharc
5 mharc

Iarr 2
Iarr 4
Iarr 2
Iarr 2



Botúin (-3)

- B1 Déantar breacadh ar na lárphointí
- B2 Earráid sna scálaí, botún amháin
- B3 Ní cheanglaítear na pointí le chéile
- B4 Úsáidtear an ais mhícheart don airmheán

Sciorthaí (-1)

- S1 Gach luach mícheart, nó gach luach a fhágtar ar lár, sa tábla
- S2 Gach pointe a bhreactar go mícheart
- S3 Ceanglaítear pointí le línte díreacha
- S4 Ní shonraítear an t-airmheán
- S5 Ní dhealaítear an léamh in (iv)

Iarrachtaí (2, 4, 2, 2 mharc)

- A1 Freagra mícheart lena ngabhann fiúntas áirithe

Cuid (c)

15 mharc

Iarr 6

(c) Faigh diall caighdeánach na n-uimhreacha
5, 7, 8, 12,
ceart go dtí dhá ionad dheachúlacha.

(c)

15 mharc

Iarr 6

$$\text{Meán} = \frac{\sum x}{n} = \frac{5+7+8+12}{4} = \frac{32}{4} = 8$$

$$\begin{aligned} \text{Diall Caighdeánach} &= \sqrt{\frac{\sum d^2}{n}} \\ &= \sqrt{\frac{(5-8)^2 + (7-8)^2 + (8-8)^2 + (12-8)^2}{4}} \\ &= \sqrt{\frac{9+1+0+16}{4}} = \sqrt{\frac{26}{4}} = 2.549 \approx 2.55 \end{aligned}$$

Botúin (-3)

B1 Ionadú mícheart

Sciorthaí (-1)

S1 Earráidí uimhriúla suas go huasmhéid 3

Iarrachtaí (6 mharc)

A1 Aon suimiú

A2 Obair ar SD nó sainítear SD


CEIST 8

Cuid (a)	10 (5, 5) marc	Iarr (2, 2)
Cuid (b)	20 (10, 5, 5) marc	Iarr (4, 2, 2)
Cuid (c)	20 (5, 15) marc	Iarr (2, 6)

Cuid (a) **10 (5, 5) marc** **Iarr (2, 2)**

- (a) (i)** Tarraing dronuilleog i do fhreagarleabhar.
(ii) Tarraing an dá ais shiméadracha atá ag an dronuilleog.

(a) (i) **5 mharc** **Iarr 2**
(a) (ii) **5 mharc** **Iarr 2**




Botúin (-3)

- B1 Gach sleas a fhágtar ar lár
B2 Uillinn mhícheart
B3 Níl na sleasa urchomhaireacha comhionann

Sciorthaí (-1)

- S1 Gach siméadracht mhícheart nó gach siméadracht a fhágtar ar lár

(b)



Íomhá an triantáin OAB faoin méadú ar lárphointe dó O is ea an triantán OHK .
Tá $|OA| = 8$ cm, $|AH| = 12$ cm agus $|HK| = 11$ cm.

- (i) Faigh fachtóir scála an mhéadaithe.
 (ii) Faigh $|AB|$.
 (iii) Is é 18 cm^2 achar an triantáin OAB .
 Faigh achar an triantáin OHK .

(b) (i)

10 marc

Iarr 4

(b) (ii)

5 mharc

Iarr 2

(b) (iii)

5 mharc

Iarr 2

$$(i) \text{ Fachtóir scála} = \frac{|OH|}{|OA|} = \frac{8+12}{8} = 2.5$$

$$(ii) |AB| = \frac{|KH|}{2.5} = \frac{11}{2.5} = 4.4 \text{ cm}$$

$$(iii) \text{ Achar } \Delta OHK = 18 \times 2.5^2 = 112.5 \text{ cm}^2$$

Botúin (-3)

- B1 Fachtóir scála mícheart
 B2 Earráid i bhfoirmle an achair
 B3 Ní dhéantar an fachtóir scála a chearnú
 B4 Níl aon roinnt ann

Miléamh (-1)

- M1 Déileáiltear le OAB mar a bheadh an triantán íomhá ann

Sciorthaí (-1)

- S1 Earráidí uimhriúla suas go huasmhéid 3

Iarrachtaí (4, 2, 2 mharc)

- A1 Freagra mícheart lena ngabhann fiúntas áirithe

Cuid (c)

20 (5, 15) marc

Iarr (2, 6)

- (c) (i) Tarraing triantán ar bith i do fhreagarleabhar.
(ii) Tóg ciorcal imscríofa an triantáin sin.

(c) (i)


5 mharc

Iarr 2

(c) (ii)

15 mharc

Iarr 6



Botúin (-3)

- B1 Gach sleas a fhágtar ar lár
- B2 Gach roinnteoir a fhágtar ar lár
- B3 Ní tharraingítear ach roinnteoirí
- B4 Tarraingítear an t-inchiorcal

Sciorthaí (-1)

- S1 Gach rinn nach bhfuil ar an gciorcal

MARCANNA BREISE AS UCHT FREAGAIRT TRÍ GHAEILGE
(Bonus marks for answering through Irish)

Ba chóir marcanna de réir an ghnáthrata a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don pháipéar. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú síos.

Déantar an cinneadh agus an ríomhaireacht faoin marc bónais i gcás gach páipéir ar leithligh.

Is é 5% an gnáthrata agus is é 300 iomlán na marcanna don pháipéar. Mar sin, bain úsáid as anngnáthrata 5% i gcás iarrthóirí a ghnóthaíonn 225 marc nó níos lú, (e.g. $198 \text{ marc} \times 5\% = 9.9 \text{ bónas} = 9 \text{ marc.}$)

Má ghnóthaíonn an t-iarrthóir níos mó ná 225 marc, ríomhtar an bónas de réir na foirmle $[300 - \text{bunmharc}] \times 15\%$, agus an marc bónais sin a shlánú síos. In ionad an ríomhaireacht sin a dhéanamh, is féidir úsáid a bhaint as an tábla thíos.

Bunmharc	Marc Bónais
226	11
227 – 233	10
234 – 240	9
241 – 246	8
247 – 253	7
254 – 260	6
261 – 266	5
267 – 273	4
274 – 280	3
281 – 286	2
287 – 293	1
294 – 300	0